Deontais do Sheirbhísí Comhairliúchán um Pósadh, Leanaí agus Méala

Cuireann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh deontais ar fáil d'eagraíochtaí deonacha a sholáthraíonn:

- **Comhairliúchán um Pósadh** agus Caidreamh
- **Cúrsaí Ullmhúcháin do Shaol an Phósta**
- **Comhairle do Leanaí** maidir le scaradh a dtuismitheoirí
- **Comhairliúchán Méala** agus tacaíocht ar bhás duine den teaghlach

Tá eolaire ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chuimsíonn na heagraíochtaí deonacha ar fad a sholáthraíonn comhairliúchán, ina ndéantar na seirbhísí ar fad a rangú de réir contaetha.

Déan teagmháil leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ag (01) 611 4100 nó r-phost: familysupport.agency@welfare.ie Suíomh idirlín: www.fsa.ie

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Taighde agus Faisnéis

Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach as taighde a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann lena cuid feidhmeanna. Cuireadh 14 tionscadal taighde i gcrích sa chéad chéim den Chlár.

Tá ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh maidir le faisnéis a bhaineann le pósadh agus caidreamh, le headráin teaghlaigh, le freagrachtaí tuismitheoireachta agus teaghlaigh agus le cúrsaí gaolmhara.

Cuimsíonn a ról obair i gcomhar le húdaráis phoiblí eile chun faisnéis a sholáthar do dhaoine ag iarraidh teacht ar réiteach idir a ndualgais don obair agus don teaghlach.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh,
Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna,
Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.
Guthán: (01) 611 4100
Facsa: (01) 676 0824
r-phost: familysupport.agency@welfare.ie
Suíomh idirlín: www.fsa.ie

Foilsithe 2005

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

"Leas Teaghlaigh agus Pobail a Chur Chun Cinn agus Tacú Leis"

An Bord

Bord dáréag ball a stiúraíonn an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Is é an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a cheapann an Bord.

Cad a dhéanann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh?

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chun tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh. Is iad seo na bealaí ina soláthraítear príomhsheirbhísí tacaíochta GTT:

- Ionaid Acmhainní Teaghlaigh ar bhonn áitiúil
- Tacú le heagraíochtaí a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairliúchán um Pósadh, Leanaí agus Méala
- Seirbhís Eadrána Teaghlaigh do lánúineacha ag dul trí scaradh nó trí cholscaradh
- Taighde maidir le cúrsaí a bhaineann le teaghlaigh
- Faisnéis a sholáthar maidir le cúrsaí a bhaineann le teaghlaigh
- Comhairle a sholáthar don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le cúrsaí a bhaineann le teaghlaigh

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Ionaid Acmhainní Teaghlaigh

Soláthraíonn Ionaid Acmhainní Teaghlaigh réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí do dhaoine laistigh dá bpobail féin. Is féidir go gclúdódh siad:

- Faisnéis, comhairle agus tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh sa cheantar
- Cabhair phraiticiúil do ghrúpaí pobail
- Deiseann oideachais agus oiliúna a sholáthar
- Áiseanna um chúram leanaí
- Cabhrú le haithreacha rannpháirtíocht a ghlacadh i saol a leanaí
- Rannpháirtíocht na bhfear i saol an phobail
- Grúpaí tuismitheoirí aonair
- Grúpaí ban
- Clubanna iarscoile
- Grúpaí seanóirí
- Cúrsaí do thuismitheoirí

Tá na tacaíochtaí agus na seirbhísí sin mar bhonn taca le meanma um fhorbairt an phobail agus prionsabal na cuimsitheachta, nithe atá ina lárchoda de luacha na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Seirbhisí Eadrána Teaghlaigh

Seirbhís ghairmiúil faoi rún is ea an tseirbhís eadrána teaghlaigh do dhaoine, idir phósta agus neamhphósta, atá ar tí a scartha nó a gcolscartha agus ar mian leo idirbheartaíocht a dhéanamh maidir lena dtéarmaí scartha nó colscartha le cabhair eadránaí.

Cabhraíonn eadráin teaghlaigh le daoine teacht ar réiteach mar mhaithe leis an mbeirt acu agus le riachtanais a leanaí. Cabhraíonn sí leo aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a gcaithfidh siad cinneadh a dhéanamh ina leith, a chuimsíonn:

- Tuismitheoireacht leanaí
- Tacaíocht airgeadais
- Teach an teaghlaigh
- Pinsin

Is saor in aisce a chuirtear an tseirbhís sin ar fáil, a mhaireann idir trí nó sé cinn de sheisiúin.

Bíonn Seirbhís Eadrána Teaghlaigh ar fáil ar fud na tíre. Chun sonraí na seirbhíse sa cheantar agatsa a fháil, níl ort ach glaoch ar (01) 634 4320.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh